# AN BORD
# UM CHEADÚNAIS
# DOBHARSHAOTHRAITHE

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2013

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

| CLÁR ÁBHAR | LEATHANACH |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh chuig an Aire | 3 |
| Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta | 4 |
| Bunú an Bhoird | 5 |
| Feidhm / Stádas | 5 |
| Ballraíocht an Bhoird | 5 |
| Comhdhéanamh an Bhoird | 6 |
| Freagrachtaí | 6 |
| Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí | 7 |
| Rúnaíocht | 7 |
| Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2013 | 8 |
| Achomhairc a Fuarthas in 2013 | 8 |
| Athbhreithniú Breithiúnach | 8 |
| Achoimre ar Chinntiúcháin | 8 |

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

## chuig an

## AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

Is deas liom an Ráiteas seo a chur san áireamh i séú tuarascáil bhliantúil déag an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (an Bord).

Bhí naoi gcruinniú ag an mBord in 2013:

| Comhalta Boird | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| An tUasal Mark O'Connell | 9/9 |
| An tUasal Brendan Brice | 9/9 |
| An tUasal Michael Sweeney | 9/9 |
| An tUasal Seán Murphy | 9/9 |
| An tUasal Jim Power | 4/6* |
| An Dr Owen McIntyre | 0/1* |

*tugann seo le fios líon na gcruinnithe a raibh comhaltaí Boird i dteideal freastal orthu.

Fuair an Bord 31 achomharc i gcaitheamh 2013.

I dtaca le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), dearbhaítear gur leanadh i gcaitheamh na bliana le gach nós imeachta cuí a bhaineann le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní. Aithnítear go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais de chuid an Bhoird. Aithníonn an Bord, chomh maith, nach féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil. De bhreis air sin, mar a iarrtar faoi Alt 12.1 den Chód Cleachtais, dearbhaítear go bhfuil an Bord ag cloí lena oibleagáidí ar fad faoi na dlíthe cánach.

Tá fochoiste amháin ag an mBord – an Fochoiste Iniúchóireachta Inmheánaí – agus is mian liom mo mheas ar obair an Choiste seo a léiriú.

Tugaim aitheantas d'obair chomhaltaí an Bhoird, do Rúnaí an Bhoird agus dóibh sin ar fad a chuir seirbhísí ar fáil don Bhord agus gabhaim buíochas leo ar fad as ucht a seirbhíse i rith na bliana. Go háirithe, thar ceann an Bhoird, ba mhian liom buíochas a ghabháil le Mark O'Connell a chuaigh ar scor mar Chathaoirleach an Bhoird ar éag a théarma cúig bliana an 26 Samhain 2013. Gabhann an Bord buíochas le Mark as an maoirseacht a rinne sé don Bhord fad a bhí sé ina Chathaoirleach agus guíonn siad gach rath air.

Dar dáta an Feabhra 2014

Imelda Reynolds
**Cathaoirleach**

## COMHALTAÍ BOIRD agus FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **CATHAOIRLEACH:** | An tUasal Mark O'Connell (d'éirigh as an 26/11/ 2013) |
| **GNÁTHCHOMHALTAÍ:** | An tUasal Seán Murphy |
| | An tUasal Michael Sweeney |
| | An tUasal Brendan Brice |
| | An tUasal Jim Power (ceaptha an 11/4/2013) |
| | An Dr Owen McIntyre (ceaptha an 11/4/2013) |
| **RÚNAÍ:** | An tUasal Dymphna Keogh |
| **SEOLADH NA hOIFIGE:** | Cúirt Choill Mhinsin<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Contae Laoise |
| **INIÚCHÓIRÍ:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Chisteáin<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |
| **GUTHÁN:** | +353 (0) 57 8631912 |
| **SEOLADH GRÉASÁIN:** | www.alab.ie |
| **SEOLADH RÍOMHPHOIST:** | info@alab.ie |

## AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Seo a leanas roinnt faisnéis ghinearálta faoin mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Ach é sin ráite, chun íomhá iomlán a chruthú den dóigh a n-oibríonn an próiseas achomhairc, mar aon leis an gcóras um cheadúnú dobharshaothraithe, ní mór tagairt a dhéanamh, i measc rudaí eile, don Acht Iascaigh (Leasú), 1997 (arna leasú), an Bille Iascaigh agus Imeall Trá (Leasú), 1998, na Rialacháin um Dhobharshaothrú (Iarratas ar Cheadúnas), 1998 agus an tAcht Iascaigh (Leasú), 2001.

### BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi *Alt 22* de Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá comhaltaí an Bhoird ar fad fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

### FEIDHM

Feidhmíonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a chur ar fáil i dtaca le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne chinntí an Aire chuí i dtaca le hiarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe. Má bhíonn duine míshásta le cinneadh an Aire faoi iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe, nó faoi chúlghairm nó leasú ar cheadúnas dobharshaothraithe, is ceadmhach don té sin achomharc a dhéanamh laistigh d'aon mhí amháin dá fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó dá fhógairt (i gcás cúlghairme nó leasú).

### STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord a bhfuil a mhaoiniú féin aige a chuireann an tOireachtas ar fáil faoi *Alt 36* den Acht.

### BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 23 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, tá Cathaoirleach ar an mBord agus seisear comhaltaí eile. Abhcóide cleachtach is ea an Cathaoirleach, Mark O'Connell, a cheap an Rialtas do théarma 5 bliana, le héifeacht ón 27 Samhain 2008 agus chuaigh sé ar scor an 26 Samhain 2013.

Ceapadh an tUasal Brendan Brice an 9 Samhain 2011 ar feadh tréimhse trí bliana a fhad leis an 8 Samhain 2014.

Ceapadh an tUasal Michael Sweeney agus Seán Murphy an 1 Eanáir 2013 ar feadh tréimhse trí bliana a fhad leis an 31 Nollaig 2016.

Ceapadh an tUasal Jim Power agus an Dr Owen McIntyre an 11 Aibreán 2013 ar feadh tréimhse trí bliana a fhad leis an 10 Aibreán 2016.

Ceapadh an tUasal Lorcán Ó Cinnéide ar feadh téarma trí bliana ón 22 Deireadh Fómhair 2013.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

De réir *Alt 23(3)* den Acht, rinne an tAire Mara agus Acmhainní Nádúrtha rialacháin ina bhforordaítear go ndéanann dhá eagraíocht, ar a laghad, ionadaíocht do na grúpálacha seo a leanas:

(a) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le cur chun cinn fhorbairt an dobharshaothraithe nó a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a thugann faoi ghnó i bhforbairt an dobharshaothraithe;

(b) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le caomhnú, forbairt nó cosaint na n-iascach fiáin;

(c) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil a ngairmeacha nó a slite beatha bainteach le pleanáil nó forbairt fhisiciúil;

(d) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cosaint agus caomhnú na timpeallachta agus conláistí;

(e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbartha geilleagraí i gcoitinne agus

(f) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbairt pobail.

## FREAGRACHTAÍ

Níl sa mhéid seo a leanas ach achoimre ar phríomhfhreagrachtaí agus ar phríomhchumhachtaí an Bhoird. Déan tagairt, le do thoil, don Acht Iascaigh (Leasú), 1997, arna leasú, chun teacht ar fhorálacha iomlána na n-alt.

Faoi *Alt 40(4)* den Acht, nuair a fhaigheann an Bord achomharc agus ar choinníoll nach n-aistarraingítear é, is féidir leis an mBord é a bhreithniú tríd an méid a leanas a dhéanamh:

(a) cinneadh nó gníomh an Aire a dheimhniú

(b) cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar an gceadúnas amhail go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad áit nó

(c) i dtaca le ceadúnais a chúlghairm nó a leasú, cinneadh an Aire a chur in ionad a chinnidh féin sa cheist;

Faoi *Alt 43 agus 44* den Acht, caithfidh an Bord cóip den fhógra achomhairc a chur faoi bhráid an Aire agus gach páirtí san achomhairc;

Faoi Alt 46 den Acht, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a lorg ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a bhfuil aighneachtaí nó tuairimí tugtha don Bhord acu cheana féin i dtaca le hachomharc, más é tuairim an Bhoird, agus faoi na cúinsí seo, go bhfuil sé ar leas an chirt sin a dhéanamh;

Faoi *Alt 47* den Acht, is féidir leis an mBord iarratas a dhéanamh ar cháipéisí, sonraí nó aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith riachtanach d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoin achomharc;

Faoi *Alt 49* den Acht, is féidir leis an mBord, faoina rogha iomlán féin, éisteacht ó bhéal a chur ar siúl i dtaca le hachomharc;

Faoi *Alt 56* den Acht, caithfidh an Bord a chinntiú go ndéileálfar le hachomhairc agus go ndéanfar cinneadh fúthu gan mhoill agus go ndéanfar gach iarracht moill nach bhfuil gá léi a sheachaint.

## SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi *Alt 35* den Acht, is ceadmhach don Bhord aon sainchomhairleoirí nó aon chomhairleoirí a fhostú a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. Íocann an Bord as aon táillí a bhíonn ag dul don té sin as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2008 i leith, tá Comhairleoir Teicniúil fostaithe ag an mBord agus leanfar den fhostaíocht nuair is gá.

I gcaitheamh 2013, d'fhostaigh an Bord seirbhísí RPS Consulting Ltd, Aquafact International Services Ltd. agus Altemar Ltd. chun cabhrú leo chun breithniú a dhéanamh ar achomhairc a fuarthas. Tá fáil ar na tuarascálacha ar an láithreán gréasáin.

## RÚNAÍOCHT

Faoi *Alt 32* den Acht, feidhmeoidh oifigeach de chuid an Aire, a bheidh ina státseirbhíseach bunaithe agus a bheidh ar iasacht leis an mBord chuige sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord. Ceapadh Rúnaí sealadach páirtaimseartha d'fhad na bliana 2013 – an tUasal Dymphna Keogh

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD IN 2013

## ACHOMHAIRC A FUARTHAS

Fuair an Bord 31 achomharc i gcaitheamh 2013.

### AP1/1-3/2013

Bhain na chéad trí cinn de na hachomhairc seo le cinneadh an Aire chun ceadúnas Dobharshaothraithe agus Ceadúnas Urthrá lenar ghabh a dheonú don Uasal Leo Bolger, Dún Béacáin, Dúras, Contae Chorcaí chun (a) oisrí agus cuáin mhara dhúchasacha a shaothrú agus meascán d'umair éadoimhne agus bunsaothrán á n-úsáid agus (b) chun feamainn a bhaint mar bheatha do na cuáin mhara ar Shuíomh Uimh. T05/570 ar an urthrá ag Bá Dhún Mánais, Contae Chorcaí. Sheol Cumann Mara Bhá Dhún Mánais, Fishermen's Inshore Saltwater Heritage Ltd (FISH) agus an tUasal Robert Pütz na hachomhairc seo.

### AP2/1-19/2013

Bhí na chéad naoi n-achomharc déag eile de na hachomhairc seo i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun athnuachan Ceadúnais Dobharshaothraithe a dheonú agus chun Ceadúnais Urthrá a dheonú do naonúr n-iarratasóirí déag chun Diúilicíní a shaothrú agus spiléir á n-úsáid sa Chaoláire Rua i gContae na Gaillimhe. Sheol an tUasal Simon Kennedy na hachomhairc seo ar aghaidh.

**AP3/1-2/2013**

Bhí an chéad dá achomharc eile i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú don Uasal Desmond T Morrissey, "The Moorings", Baile Mhontáin, Contae Chorcaí (T5/231) agus an tUasal Mary Lane, Lanlyn, Baile an Loiscthe, Baile an Chuainín, Contae Chorcaí (T5/392) chun oisrí a shaothrú agus tristéil á n-úsáid ar na suíomhanna ar an urthrá ag Cuaisín Bhaile na Claise, Cuan Oisrí, Contae Chorcaí. Sheol an tUasal Oliver agus an tUasal Kate Hart agus Cronin Millar Consulting na hachomhairc seo ar aghaidh thar ceann Chumann Cónaitheoirí Chuan Oisrí agus Nuachabhála.

**AP4/1/2013**

Bhí an chéad achomharc eile i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú don Uasal Pat Costello, Garáiste Costello, an Dúghlaise, Cill Orglan, Contae Chiarraí, chun oisrí a shaothrú agus málaí agus tristéil á n-úsáid ar shuíomh Uimhir T06/259B ag Cuan Chaisleán na Mainge, Contae Chiarraí. Sheol Coastwatch, an Roinn Innealtóireachta Sibhialta agus Comhshaoil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 an t-achomharc seo ar aghaidh.

**AP4/2/2013**

Bhí an chéad achomharc eile i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do Shliogán Chromán, Cromán, Contae Chiarraí, chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú agus málaí agus tristéil á n-úsáid ar shuíomh Uimhir T06/255A ag Cuan Chaisleán na Mainge, Contae Chiarraí. Sheol an Cathaoirleach, an Taisce, Halla an Táilliúraigh, an Lána Cúil, Baile Átha Cliath 8 an t-achomharc seo ar aghaidh.

**AP4/3/2013 agus AP4/4/2013**

Bhí an chéad achomharc eile i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do Caragh Clams Limited, Oileán Stook, Cromán Íochtarach, Cill Orglan, Contae Chiarraí, chun breallaigh a shaothrú agus tráidirí agus mogalra á n-úsáid ar shuíomh Uimhir T06/315N1 ag Cuan Chaisleán na Mainge, Contae Chiarraí. Sheol an Cathaoirleach, an Taisce, Halla an Táilliúraigh, an Lána Cúil, Baile Átha Cliath 8 agus Cairde Chomhshaol na hÉireann, Cill Chaitiairn, na hAoraí, Contae Chorcaí na hachomhairc seo ar aghaidh.

**AP5/1/2013**

Bhí an chéad achomharc eile i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú don Uasal Liam O'Connor, an Tulaigh Bheag, Cill Orglan, Contae Chiarraí, chun diúilicíní bunsaothráin a shaothrú ar shuíomh Uimhir T06/342A ag Cuan Chaisleán na Mainge, Contae Chiarraí. Sheol an Cathaoirleach, an Taisce, Halla an Táilliúraigh, an Lána Cúil, Baile Átha Cliath 8 an t-achomharc seo ar aghaidh.

**AP5/2/2013**

Bhí an chéad achomharc eile i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú don Uasal John O'Sullivan, Oileán Stook, Contae Chiarraí, chun diúilicíní bunsaothráin a shaothrú ar shuíomh Uimhir T06/306A ag Cuan Chaisleán na Mainge, Contae Chiarraí. Sheol an Cathaoirleach, Cairde Éanlaith Éireann, Aonad 20, Bloc 1,

Campas Gnó Bullford, Cill Chomhghaill, Contae Chill Mhantáin an t-achomharc seo ar aghaidh.

**AP6/2013**

Bhí an t-achomharc deiridh i gcoinne chinneadh an Aire chun Ceadúnas Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú don Uasal David Gallagher, an Machaire, an Clochán Liath, Contae Dhún na nGall, Uimhir Thagartha T12/389 chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú agus tristéil agus málaí á n-úsáid ar dhá shuíomh ar an urthrá i gCuan Thráigh Éanach, Contae Dhún na nGall. Sheol an tUasal Edward Gallagher an t-achomharc ar aghaidh.

## ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, is ceadmhach do dhuine iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ach sin a bheith déanta laistigh de thréimhse trí mhí a thosóidh ar an dáta a rinneadh an cinneadh

I rith 2013, bhí cás amháin athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar siúl ina raibh baint ag an mBord. Tháinig an t-athbhreithniú chun solais ó chinneadh a rinne an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, in 2011 chun ceadúnas sealadach a dheonú chun nósanna imeachta oibríochtúla a leasú de chuid Silver King Seafoods Ltd maidir lena shuíomh feirmeoireachta bradán ag Oileán Dhuínse, Cuan Bhaile an Sceilg, Contae Chiarraí. Dheimhnigh an Bord cinneadh an Aire in 2012. Rinne Waterville Fisheries Development Ltd iarratas ar an Ard-Chúirt ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach maidir le cinneadh 2012. B'éard a bhí i gceist leis an tsaincheist ná cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh Waterville Fisheries Development Ltd a thaispeáint gurb ann d'fhorais shubstainteacha laistigh de chiall alt 73(2)(b) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 lena áitiú go raibh an cinneadh neamhbhailí maidir leis na forais shubstainteacha ar ar lorg siad faoiseamh. Bhain príomhaighneacht leis an mbealach inar dhiúltaigh an Bord iarratas Waterville Fisheries Development Group ar éisteacht ó bhéal. D'eisigh an Breitheamh Hogan den Ard-Chúirt a chinneadh an 25 Iúil 2014 (roimh dheireadh na bliana 2013) agus chinn sé, tar éis breithniú a dhéanamh ar chineál na lánrogha a bhronnann alt 49 (1) d'Acht 1997 ar an mBord, nach féidir an Bord a ligean thar ceal ón dualgas chun cúiseanna a thabhairt lena chinneadh gan éisteacht ó bhéal a chur ar siúl agus tá ar an mBord cúiseanna a thabhairt lena chinneadh gan éisteacht ó bhéal a chur ar siúl nó, ar a laghad, a bheith ullamh chun údar a thabhairt lena mainneachtain na cúiseanna sin a thabhairt. Agus breithniú á dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach raibh an mhainneachtain chun cúiseanna a thabhairt ina húdar le forais shubstainteacha lena áitiú go raibh an cinneadh neamhbhailí nó gur cheart an cinneadh a chur ar neamhní chun críocha alt 73 d'Acht 1997, chinn an Breitheamh Hogan nár tháinig aon fhíricí salach ar a chéile a bhí bainteach go lárnach le toradh an phróisis cheadúnaithe, agus go raibh an Bord i dteideal an chonclúid a bhaint amach nár theastaigh aon éisteacht ó bhéal. Mheas an Breitheamh Hogan, ina dhiaidh sin, nach raibh aon nasc idir mainneachtain nós imeachta chun cúiseanna a thabhairt maidir leis an gcinneadh gan éisteacht ó bhéal a chur ar siúl agus an cinneadh deiridh maidir le deonú an cheadúnais shealadaigh, agus mar dhea, ní raibh sé sásta go bhféadfadh an t-iarratas tairseach na bhforas substainteach a chuimsítear in alt 73 a chomhlíonadh maidir leis na forais ar lorgaíodh cead ina leith. Dá réir, diúltaíodh an cead a thabhairt don iarratasóir a lorg siad agus níor tugadh faoi aon athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh.

## ACHOIMRE AR CHINNTIÚCHÁIN

Rinne an Bord aon chinntiúchán déag in 2013.

- An 14 Bealtaine 2013, rinne an Bord cinntiúchán ar na hachomhairc in **AP1/1-3/2013** agus chinn sé chun ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú chun oisrí agus cuáin mhara dhúchasacha a shaothrú agus meascán d'umair éadoimhne agus bunsaothrán á n-úsáid ar shuíomh T05/570 i ngar do Ahakista ar thaobh thuaidh Bhá Dhún Mánais, Contae Chorcaí.

- An 31 Iúil 2013, rinne an Bord cinntiúchán i dtaca le dhá achomharc, **AP3/1-2/2013**, agus chinn sé chun ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú agus málaí agus tristéil á n-úsáid ar shuíomh i gCuaisín Bhaile na Claise, Cuan Oisrí, Contae Chorcaí.

- An 25 Meán Fómhair 2013, rinne an Bord cinntiúchán i dtaca le ceithre achomharc, **AP4/1-4/2013**, agus chinn sé chun seasamh le cinneadh an Aire chun ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú chun oisrí a shaothrú agus málaí agus tristéil á n-úsáid ar shuíomh ag Cuan Chaisleán Mainge, Contae Chiarraí.

- An 25 Meán Fómhair 2013, rinne an Bord cinntiúchán i dtaca le hachomharc, **AP5/1/2013**, agus sheas sé le cinneadh an Aire chun ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú chun oisrí bunsaothráin a shaothrú ar shuíomh ag Cuan Chaisleán Mainge, Contae Chiarraí.

- An 25 Meán Fómhair 2013, rinne an Bord cinntiúchán i dtaca le hachomharc, **AP5/2/2013**, agus sheas sé le cinneadh an Aire chun ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú chun oisrí bunsaothráin a shaothrú ar shuíomh ag Cuan Chaisleán Mainge, Contae Chiarraí.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

**Leathanach na nÁbhar**


| | |
|---|---|
| Comhaltas an Bhoird agus Eolas Ginearálta | 3 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird | 4 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 5 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 6 |
| Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta | 8 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 9 |
| Clár Comhardaithe | 10 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 11-13 |

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

## Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird:** | An tUasal Mark O'Connell *(Cathaoirleach - Deireadh lena théarma oifige 26 Samhain 2013)*<br>An tUasal Imelda Reynolds *(Cathaoirleach -Ceaptha 1 Aibreán 2014)*<br>An tUasal Brendan Brice *(D'éirigh as 8 Samhain 2014)*<br>An Dr Owen McIntyre *(Ceaptha 8 Deireadh Fómhair 2013)*<br>An tUasal Sean Murphy *(Athcheaptha 1 Eanáir 2013)*<br>An tUasal Lorcán Ó Cinnéide *(Athcheaptha 22 Deireadh Fómhair 2013)*<br>An tUasal Jim Power *(Ceaptha 11 Aibreán 2013)*<br>An tUasal Michael Sweeney *(Athcheaptha 1 Eanáir 2013)* |
| **Rúnaí:** | An tUasal Dymphna Keogh *(D'éirigh as 25 Iúil 2014)*<br>An tUasal Mary O'Hara *(Ceaptha 1 Mheán Fómhair 2014)* |
| **Seoladh Gnó:** | Cúirt Choill<br>Mhinsí<br>Bóthar Bhaile<br>Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Co. Laoise |
| **Cuntasóirí:** | Anne Brady McQuillans DFK<br>Iveagh Court<br>Bóthar Fhearchair<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí:** | Banc-Aontas<br>Éireann<br>Sráid Grafton<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Aturnaetha:** | Aturnaetha Maxwell<br>19 Plás Hoirbeaird<br>Baile Átha Cliath 2 |

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear ar an mBord le hAlt 37 (1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 gnáthchuntais agus cuntais chearta a choimeád de gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caillteanais agus clár comhardaithe.

Ag ullmhú na ráiteas dó, ní mór don Bhord:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- aon imeacht ó chaighdeáin chuntasaíochta chuí a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach seachas má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Bord i mbun oibre.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo tríd is tríd in Éirinn. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

Seán Murphy
Ball den Bhord

Dáta: 22 Nollaig 2014

Mary O'Hara
Rúnaí an Bhoird

Dáta: 22 Nollaig 2014

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, aithnímid an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais san eagraíocht. Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta aúdarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad in achar ama tráthúil.

**Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialúcháin chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.
- Gnólacht cuntasóirí seachtracha a cheapadh chun na córais rialaithe inmheánaigh a dhoiciméadú agus chun moltaí a dhéanamh maidir leis an gcóras a fheabhsú.
- Seachas na táillí dlí agus gairmiúla, tabhaítear formhór de chaiteachas an Bhoird ar thuarastail foirne. Luach saothair Chomhaltaí an Bhoird agus taisteal agus cothabháil. Íocann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuarastal na foirne ar iasacht agus faigheann siad ar ais é ó leithdháileadh an Bhoird. Tá gnólacht cuntasaíochta seachtrach fostaithe ag an mBord chun luach saothair Chomhaltaí an Bhoird a láimhseáil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leo go háirithe:

- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais. Má thagann fadhb chun cinn, is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh ansin maidir leis an ngníomh ceartaithe is gá a ghlacadh.

- Cruinnithe rialta den Bhord.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Ní dhearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir le 2013,
Tá céimeanna leagtha síos chun athbhreithniú a dhéanamh go luath in Eanáir 2015

Thar ceann an Bhoird

Seán Murphy
Ball den Bhord

Dáta: 22 Nollaig 2014

Mary O'Hara

Rúnaí an Bhoird

Dáta: 22 Nollaig 2014

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

### An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 faoi Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Is é atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 37 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Ábhar Ginearálta**

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé m'iniúchadh agus mé ag cur san áireamh na gcúinsí speisialta a bhaineann le bainistíocht agus le feidhmiú na gcomhlachtaí Stáit.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire) agus i gcomhlíonadh Chaighdeáin Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

**Raon Feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná an fhaisnéis agus na méideanna agus an nochtadh go léir atá sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

Áirítear air sin measúnú ar an méid seo a leanas:

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird, ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad

- a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

**Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais**

Is é mo thuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais, a hullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird an 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2013.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chearta coinnithe ag an mBord. Tagann na ráitis airgeadais leis an leabhair chuntais.

**Cúrsaí a dtuairiscím orthu trí eisceacht**

Tuairiscím trí eisceacht más rud é

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó

- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha nuair nár caitheadh suimeanna airgid chun na críche dá raibh sé beartaithe nó nach bhfuil na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó

- nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó

- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi ar tugadh faoi ghnó poiblí.

Tugaim faoi deara an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a nochtann nach ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais sa tréimhse ar an gcaoi a éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

***Patricia Sheehan**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

### Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

**1 Ginearálta**

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Láimhseálann an Bord achomhairc i gcoinne coinní an Aire maidir le ceadúnais dobharshaothraithe.

**2 Bunús an Ullmhúcháin**

Réitítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin mar a thugtar le fios thíos, agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta coitianta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a théann siad i bhfeidhm.

**3 Ioncam**

Aithnítear Táillí Achomhairc sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais.

Léiríonn an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais an fáltas airgid iarbhír sa tréimhse ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus agus íocaíochtaí sa bhliain ón Roinn maidir le foireann ar iasacht an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Aithnítear ioncam sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe.
Rinneadh an Bord breithiúnas in 2008 i gcoinne Muir Ghael Teoranta de €24600. Ní raibh an tsuim sin aitheanta roimhe sin mar ioncam sna ráitis airgeadais.

**4 Árachas**

Cumhdaíonn an polasaí árachais reatha an méid seo a leanas:
- Tráchtáil (dliteanas fostóirí, dliteanas táirge agus dliteanas poiblí)
- Taisteal (taisteal agus gortú)
- Dliteanas Stiúrthóirí agus Oifigeach,

**5 Fostaithe agus Aoisliúntas**

Tá Rúnaí an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faightear costais tuarastail an Rúnaí don bhliain ar ais ón Roinn ábhartha.

**6 Athbhreithniú Breithiúnach**

Foráiltear le hAlt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, le haghaidh athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chinntí an bhoird. Tugann an Bord cuntas ar na himeachtaí sin faoin gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta.

**7 Sócmhainní Seasta Intadhaill agus Dímheas**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carnach. Cuirtear dímheas chun dochair don chuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn líní dírí, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, agus iad coigeartaithe i gcomhair a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach ionchais.

Trealamh Ríomhaireachta: 33 1/3%
Trealamh Oifige: 33 1/3%

**8 Cuntas Caipitil**

Is é an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh den ioncam a úsáideadh chun críocha caipitil.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

| | Nótaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | | 187,878 | 132,378 |
| Táillí Achomhairc | | 5,562 | 1,297 |
| Breithiúnas Muir Gheal Teoranta | | 24,600 | |
| | 1 | 218,040 | 133,675 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 9 | - | |
| **Ioncam Iomlán** | | 218,040 | 133,675 |
| **Caiteachas** | | | |
| Pá agus tuarastail | 2 | 60,865 | 68,485 |
| Riarachán | 3 | 154,679 | 46,713 |
| Dímheas | 4 | | |
| **Caiteachas Iomlán** | | 215,544 | 115,198 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 2,496 | 18,477 |

Baineann torthaí na tréimhse le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 11 go dtí 13.

Thar ceann an Bhoird

Seán Murphy

Ball den Bhord

Dáta: 22 Nollaig 2014

Mary O'Hara

Rúnaí an Bhoird

Dáta: 22 Nollaig 2014

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 4 | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 5 | 1,121 | 142 |
| Banc agus Airgead Tirim | 6 | 52,559 | 13,177 |
| | | 53,680 | 13,319 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 6 | | - |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 7 | 57,281 | |
| | | 58,181 | 19,416 |
| Glandliteanais reatha | | (3,601) | (6,097) |
| **Glandliteanais** | | (3,601) | (6,097) |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 9 | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 8 | (3,601) | (6,097) |
| | | (3,601) | (6,097) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 11 go dtí 13.

Thar ceann an Bhoird

Seán Murphy
Ball den Bhord

Mary O'Hara
Rúnaí an Bhoird

Dáta: 22 Nollaig 2014 Dáta: 22 Nollaig 2014

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
# Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Ioncam 2013 2012**

| | € | € |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, C9.4 agus A. 10.7.1 | 187,878 | 132,378 |
| Táillí Achomhairc | 5,562 | 1,297 |
| Breithiúnas Muir Gheal Teoranta * | 24,600 | - |
| | 218,040 | 133,675 |

D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuarastal an Rúnaí go díreach agus d'asbhain na costais tuarastail ó tharraingt anuas deontais.

Rinneadh breithiúnas €24,600 i gcoinne Muir Ghael Teoranta in 2008. Ní raibh an tsuim sin aitheanta roimhe sin mar ioncam sna ráitis airgeadais (féach nóta 5.)

**: Pá agus Tuarastail 2013 2012**

| | € | € |
|---|---|---|
| Tuarastal Rúnaí | 27,878 | 27,878 |
| Luach Saothair na gComhaltaí Boird | 32,987 | 40,607 |
| | 60,865 | 68,485' |

Tá Rúnaí an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ní raibh aon aoisliúntas ná díolaíochtaí breise á bhfáil aici maidir lena ról mar Rúnaí ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an t-aoisliúntas agus na díolaíochtaí go léir agus d'asbhain sí na costais ábhartha go léir, lena n-áirítear an tobhach pinsin, óna tuarastal. I rith 2014 d'éirigh ar tUasal Dymphna Keogh as a post agus ceapadh an tUasal Mary O'Hara.

Fuair na comhaltaí Boird an luach saothair agus an taisteal agus cothú seo a leanas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013:

| | Luach Saothair<br>€ | Taisteal & Cothabháil<br>€ |
|---|---|---|
| An tUasal Mark O'Connell (Cathaoirleach) | 8,149 | 1,371 |
| An tUasal Brendan Brice | 5,985 | 1,772 |
| An Dr Owen McIntyre | 1,404 | |
| An tUasal Sean Murphy | 5,985 | 1,530 |
| An tUasal Lorcán Ó Cinnéide | 1,174 | |
| An tUasal Jim Power | 4,305 | 367 |
| An tUasal Michael Sweeney | 5,985 | 1448 |
| | 32,987 | 6,488 |

| Costais Riaracháin | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Taisteal agus cothú | 6,861 | 11,606 |
| Soláthairtí oifige agus trealamh ríomhaire | 567 | 485 |
| Árachas | 2,442 | 3,186 |
| Deisiúcháin, cothabháil agus slándáil | | 2,100 |
| Teileafón 799 1,239 | | |
| Táillí dlí agus gairmiúla | 46,590 | 22,910 |
| Táillí gairmiúla eile | 62,390 | |
| Cuntasaíocht agus costais phárolla | 7,380 | 9,052 |
| Táillí iniúchta | 3,000 | 3,900 |
| Muirir bainc | 50 | 113 |
| Foilseacháin | - | (7,971) |
| Postas | - | 93 |
| Soláthar Drochfhiacha | 24,600 | |
| | 154,679 | 46,713 |

**4.Sócmhainní Seasta Trealamh Trealamh**

| | Ríomhaire | Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | | | |
| Breiseanna | | | |
| Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir 2013 | | | |
| Muirear dímheasa don bhliain | | | |
| Glanluach de réir na leabhar 31 Nollaig 2013 | | | |
| Glanluach de réir na leabhar amhail 31 Nollaig 2012 | | | |

**5 Féichiúnaithe**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Muir Ghael Teoranta | 24,600 | |
| Soláthar Drochfhiacha | (24,600) | |
| Réamhíocaíochtaí | 1,121 | 142 |
| | 1,121 | 142 |

**6 Banc agus Airgead Tirim**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntas reatha | 52,556 | 13,166 |
| Mionairgead | 3 | 11 |
| | 52,559 | 13,177 |

**7 Creidiúnaithe**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe | 54 | 3,989 |
| Fabhruithe | 50,882 | 11,671 |
| ÍMAT / ÁSPC iníoctha | 4,395 | 3,356 |
| *PSm* iníoctha | 1,950 | 400 |
| | 57,281 | 19,416 |

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
# Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**8 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tugtha anonn an 1 Eanáir 2013 | (6,097) | (24,574) |
| Barrachas / (Easnamh) don tréimhse | 2,496 | 18,477 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013 | (3,601) | (6,097) |

**9 Cuntas Caipitil**

| | | |
|---|---|---|
| Aistriú (chuig) / ó Ioncam & Caiteachas: | - | - |
| Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a ghnóthú | - | |
| Méid amúchta de réir dímheasa | | - |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2013 | | |

**10 Áitreabh - Nóta**

Tá áitreabh ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co.
Laoise. Is í an Oifig Achomhairc Talmhaíochta príomhthionónta an fhoirgnimh. Ní raibh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
dlite maidir le haon chíos, rátaí nó muirir seirbhíse gaolmhara in 2013.

**11 Leasanna Chomhaltaí an Bhoird**

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

**12 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

Rinne an Bord athbhreithniú ar na ráitis airgeadais an 15 Aibreán 2014.